Raon Leathnaithe Feidhme

Plean Forbartha na Leabharlainne 2009- 2013

Brainse Chaisleán an Chomair
Brainse Áth na nUrlainn
Brainse Chathair Chill Chainnigh
Brainse Loch Buí
Brainse Ghráig na Manach
Brainse Challainn
Brainse Bhaile Mhic Andáin
Leabharlann Shoghluaiste

Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh 2009-2013

'Pobal, Cultúr agus Foghlaim ar feadh Saoil a Thacú'
'Is riachtanas saoil leabharlann murab ionann is sócúlacht' Henry Ward Beecher

Admhálacha
Ba iad Josephine Coyne agus Patricia Nolan, beirt ó fhoireann na leabharlainne a chuir an plean seo i dtoll a chéile.
Ba í Mary Henry ó Insight Communications a rinne eagarthóireacht air, ba é Atticus a dhear é agus ba é Alé Mercado a rinne na léaráidí.

Ba iad Market Dynamics a chuir an suirbhé ar neamhúsáideoirí i gcrích. Ár mbuíochas dóibhsean uile a ghlac páirt sa suirbhé seo.
Is mian le Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh buíochas a ghabháil leis na baill phobail ar glacadh lena dtuairimí mar dhlúthchuid den phlean. Tá an leabharlann buíoch freisin as rannpháirteachas fhoireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh, chomhaltaí CPS-5 agus chomhaltaí Bhord Forbartha an Chontae
Buíochas freisin do na scoileanna uile ar fud an Chontae a bhí rannpháirteach.
Táimid buíoch freisin do roinnt eagraíochtaí áitiúla as na tuairimí a nochtaigh siad.
Áirítear orthu siúd:

Coiste Chúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh
Óige Osraí
KCAN
Grúpa Rochtana Chill Chainnigh
CGO Chill Chainnigh.
EOCHAR
Word Aid
Fóram Deonach agus Pobail Chill Chainnigh
Age Action Ireland
Líonra Sheandaoine Chill Chainnigh
Ealaíona, Oidhreacht, Pobal agus Fiontar,
Oifigigh Rapid agus Chomhshaoil, foireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh

Ar deireadh thiar buíochas mór d'Fhoireann na Leabharlainne as a ndúthracht agus as a dtiomantas don phlean seo

INNÉACS

Brollach 7
Cúlra 11
Modheolaíocht 15
Rochtain agus Rannpháirteachas 19
Bonneagar 22
Teicneolaíocht Faisnéise 24
Bailiúcháin na Leabharlainne agus Faisnéis 26
Bainistiú agus Cúrsaí Foirne 28
Margaíocht agus Bolscaireacht 30
Monatóireacht agus Athbhreithniú 32
Conclúid 33
Aguisín 1 34

“Bainim úsáid go tráthrialta as an leabharlann ag Cé Sheáin agus is mór agam an áit a

bhfuil sí lonnaithe, a chaoithiúil is atá an fhoireann agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil inti”

Daoine mór la rá a d’oibrigh i leabharlanna nó mar leabharlannaithe: Naomh Benedict Hector Berlioz Jimmy Carter Giovanni Casanova Frederich Engels Stephen King Ulrike Meinhof Golda Meir Frank O’Connor Alexander Solzhenitsyn Mao Tse-tung Oscar Wilde

Brollach

Tá cnuasach mór de leabhair, de pháipéir nuachta, d'irisí agus de DVDanna ar fáil go héasca d'úsáideoirí sheirbhís na leabharlainne poiblí agus is luachmhar an acmhainn chultúrtha í gach tráth. Creidim áfach agus an cúlú eacnamaíoch atá orainn faoi láthair go n-éireoidh luach iarbhír na Seirbhíse níos soiléire de réir mar a bhainfidh líon breisithe úsáideoirí áis as fóntais bhreisoiliúna agus chuardaithe poist agus as tacaíochtaí pobaldhírithe.

Rinneadh mórthaighde agus comhairliúchán forleathan chun an doiciméad seo a mhúnlú agus aibhsíonn a bhfuil faighte amach againn a inmhianaithe atá sé naisc níos láidre a chruthú idir Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh agus ranna eile na nÚdarás Áitiúil chomh maith le páirtithe leasmhara. Is ábhar gairdis é toisc gur cinnte go dtiocfaidh deiseanna feabhsaithe agus múnlaithe soláthar seirbhíse níos nuálaí ar fud roinnt earnálacha sa tseirbhís phoiblí dá bharr. Cuireann líonra na leabharlainne poiblí rochtain ar fáil atá saor ó bhaicinní agus tá súil leis go gcuideoidh an Plean Forbartha cúig bliana seo le húsáideoirí chun níos mó sochar ná riamh a bhaint as na cláir oideasacha, cultúrtha agus eolasbhunaithe nuálacha atá á gcur ar fáil faoi láthair sa líonra brainse ar fud na Cathrach agus an Chontae.

An Comhairleoir John Brennan, Cathaoirleach an Choiste um Polasaí Straitéiseach 5

“Má tá i ndán don tseirbhís amach anseo go mbeidh sí ina ceap buan beathúil sa phobal agus má tá sí le bheith tarraingteach do bhaill nua ní

mór í a chur in oiriúint d'athruithe ar nósanna maireachtála an phobail ina iomláine”

An chéad Chatalóg nó OPAC Ríomhairithe:
Chuir Leabharlann Ollscoil Guelph i gCeanada agus Leabharlann Ollscoil Waterloo OPACsanna i dtoll a chéile i 1976 agus i 1977 faoi seach. Bhí an córas seo in úsáid sular lainseáladh an PC IBM i 1981, rud a chiallaíonn go raibh leabharlannaithe ar na céad daoine a bhain úsáid as córais ríomhairithe san ionad oibre.

Foreword

Is acmhainn phoiblí iontaofa Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh a riarann riachtanas pobail agus a chuireann faisnéis, eolas, cultúr agus foghlaim ar fáil ag an am céanna. Anois agus an cúlú eacnamaíoch anuas orainn is fóntas thar bheith luachmhar an leabharlann do go leor daoine atá fágtha ar leithlis siocair na dífhostaíochta nó a bhfuil níos lú ioncaim indiúscartha acu thar mar bhí agus a bhfuil am saor le meilt acu.
Creidim gur léiriú cruinn an Plean Forbartha seo den tSeirbhís Leabharlainne don tréimhse 2009 go 2013. Tá léirithe ann raon de ghníomhaíochtaí inbhainte amach a neartóidh an tSeirbhís. Aibhsítear sa phlean na dúshláin atá le sárú chun bonneagar, éagsúlacht stoic agus soláthar teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TCF) na leabharlainne a choinneáil slán agus a fheabhsú agus seirbhís thráthúil agus chiallmhar a sholáthar don phobal ag an am céanna.
Joe Crockett Bainisteoir Contae

“Is é an aidhm atá ag an leabharlann rogha a sholáthar agus deis a thabhairt do chách an rogha sin a dhéanamh”

An Leabharlann is gnóthaí san Eoraip:
Thugann níos mó ná 14,000 duine cuairt ar Ionad George Pompidou i bPáras gach lá (5 milliún sa bhliain)

Cúlra na Seirbhíse

Tugadh cúram Leabharlann na Cathrach don Bhardas i 1910 agus bunaíodh Seirbhís Leabharlainne an Chontae i 1923. Ghlac an Chomhairle Contae an tAcht Leabharlanna Poiblí agus dhá bhliain ina dhiaidh sin ghlac freagracht as an tSeirbhís. Faoin am sin bhí ionad leabharlainne i 60 áit sa Chontae. Leabharlannaithe áitiúla agus daoine deonacha ab ea a bhí i mbun oibre iontu
agus ba i scoileanna agus i gclubanna a bunaíodh iad agus bhíodh malartú leabhar ar siúl iontu thart ar thrí uaire sa bhliain. Faoin mbliain 1930 bhí 90 ionad dá leithéid suite mórthimpeall an Chontae cé nach raibh siad dáilte go cothrom ná baol air. Mhair cúig cinn de na hionaid sin ag Lácas (Áth Stúin), ag Tigh na Rinne, ag Sceach an Mhaistín, ag Áth na nUrlainn agus ag Ospidéal Cholm Cille go dtí na 1980aidí.
Bunaíodh Seirbhís na Leabharlainne Scoile i 1970 agus faoi láthair tugtar cuairt ar 9,344 dhalta bunscoile agus a múinteoirí trí uaire in aghaidh na bliana d'fhonn leabhair a mhalartú. I 1972 a cuireadh tús leis an tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste agus anois déantar freastal ar 60 ionad ar fud an Chontae. Ar an meán tugtar cuairt ar gach ionad uair amháin i dtréimhse trí mhí; tugtar cuairt ar ionaid mhóra dhá uair sa tréimhse chéanna. D'fhéadfadh sé gur cuairt deich nóiméad a bheadh i gceist nó cuairt dhá uair an chloig ag brath ar líon na n-úsáideoirí ag gach ionad.
Neartaíodh an líonra brainse a thuilleadh sna 1970aidí tráth a osclaíodh dhá leabharlann bhrainse pháirtaimseartha i gCallainn agus i mBaile Mhic Andáin. Osclaíodh Leabharlann Loch Buí i 1981 agus ba í an dara leabharlann sa Chathair. D'oscail Leabharlann Ghráig na Manach na doirse den chéad uair i 1988 in Oirdheisceart an Chontae agus bunaíodh Leabharlann Áth na nUrlainn i dtuaisceart an Chontae i 1996.
Tionscadal comhoibritheach leithleach a bhí ann idir an Chomhairle Contae agus an pobal áitiúil agus cuireadh an tionscnamh i gcrích gan aon mhaoiniú ón Rialtas. Rud eile is fiú le rá maidir le Leabharlann Áth na nUrlainn gurbh í an chéad bhrainse ríomharaithe a bhunaigh an tSeirbhís. Ba í an brainse i gCaisleán an Chomair ar shuíomh iarbhunscoil Chlochar na Toirbhirte sa chathair sin an brainse is deireanaí a osclaíodh.

Struchtúr Oibríochtúil Reatha

Tá Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh faoi chúram Rannóg Phobail agus Fiontair Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Oibríonn sí trí líonra brainse sa Chathair agus i Loch Buí, i gCallainn, i gCaisleán an Chomair, i mBaile Mhic Andáin i nGráig na Manach agus in Áth na nUrlainn. Is cúnamh taca maidir le soláthar seirbhíse aonad soghluaiste agus veain scoile.
Ina theannta sin tá Seirbhís Staidéir Áitiúil agus Ginealais lántiomnaithe ar fáil do bhaill an phobail le linn uaireanta oscailte oifige nó ar líne. Is seirbhís tagartha agus taighde atá i gceist atá dílsithe do chaomhnú agus d'fheabhsú chuimhne tiomsaitheach Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. D'fhonn an fheidhm seo a fheidhmiú déanann sí stair agus oidhreacht Chontae Chill Chainnigh a sholáthar agus bailíonn, cláraíonn agus caomhnaíonn gach cineál ábhair a bhaineann le Cill Chainnigh.
Is i dTeach Faiche Eoin, Faiche Eoin, atá an Leabharlann suite agus coinnítear inti réimse leathan ábhair a bhaineann le stair, le tíreolaíocht, le seaniarsmaí, leis an seandálaíocht, le béaloideas agus le cultúr Chathair agus Chontae Chill Chainnigh.
Cnuasach atá inti de leabhair, d'irisí, de pháipéir nuachta, de ghrianghraif, d'ábhar closamhairc, de lámhscríbhinní, de mhapaí agus de mhicreafoirm. Tá sé d'aidhm ag Seirbhís Staidéir Áitiúil agus Ginealais Chill Chainnigh a chinntiú go mbeidh teacht go héasca ar an ábhar seo sna saoráidí taighde nua-aimseartha agus dílsithe atá aici. Tagann an lucht a bhíonn ag tóraíocht faisnéise maidir le stair logánta agus iad siúd a bhíonn ag lorg treoir maidir le taighde ginealais ar cuairt go dtí an roinn.

"Is mór an tairbhe dár scoil Seirbhís na Scoileanna. Is ócáid í cuairt veain na

leabharlainne a chuireann meidhir ar na páiste agus a mbaineann siad sult aisti agus is spreagadh í don léamh”

An leabhar is mó a mbíonn fonn a léite ar úsáideoirí leabharlainne:
Harry Potter and the Deathly Hallows, an leabhar deireanach sa tsraith arna fhoilsiú i 2007; ba é faoi deara an liosta feithimh is faide a ndearnadh riamh i leabharlann phoiblí agus, dá réir, an leabhar ba mhó a tugadh amach ar iasacht sa RA.

Iomrá Déimeagrafach Chill Chainnigh

Léirigh figiúirí daonáireamh 2006 go raibh ardú de 9% ar dhaonra Chill Chainnigh idir 2002 agus 2006 agus gurbh í an glanchaillteanas trí imirce ba chúis díreach leis an gcuid is mó den ardú sin (5,000 as 7,219). Déantar comparáid idir seo agus an meánfhás náisiúnta de 8.2% sa tréimhse chéanna. Taispeánann sonraí daonáirimh thar thréimhse deich mbliana gur san aoisghrúpa 25 go 39 atá ardú le sonrú agus gur cúis leis teaghlaigh bheaga a bhí ag bogadh isteach sa Chontae ó na 1990aidí deireanacha ar aghaidh. Tá léirithe i bhfigiúirí eisimirce an aoisghrúpa 15 go 19 an pátrún seanbhunaithe, mic léinn choláiste agus ollscoile ag fágáil an Chontae. Ní taobh le Cill Chainnigh agus leis an Dúiche máguaird amháin atá an leathnú geografach ó thaobh daonra le sonrú. Bhí fás i bhfad níos mó ná an meánfhás don Chontae ar dhaonra Challainn (33.85%) agus ar dhaonra Bhaile Mhic Andáin (14.8%) idir 2002 agus 2006. Taifeadadh fás i bhfad níos lú do Chaisleán an Chomair (3.3%) sa tréimhse chéanna agus bhí laghdú de 5.9% le sonrú ar dhaonra Ghráig na Manach. Tosca réigiúnacha a leithéid leathnú Chathair Phort Láirge a chuir faoi deara go raibh sceitheadh daonra isteach i gCill Chainnigh agus is toisc go bhfuil Contae Cill Chainnigh ag éirí níos tarraingteach mar ionad cónaithe comaitéara go bhfuil an daonra ag fás. Tugann réamh-mheastacháin ar dhaonra Chathair agus Chontae Chill Chainnigh le fios go mbeidh fás suntasach uirthi faoi 2020. Dá ndéantaí anailís ar léiriúchán 'íseal' an CSO agus ar réamh-mheas 'lárach' RCORA bheifí ag dréim le fás de 17,371(19.9%) ar a laghad nó le fás de 29,995 (34.3%) ar an méid ar dhaonra an Chontae agus bheifí ag súil le méadú de idir 5,778 (25.7%) agus 8,222 (34.3%) ar dhaonra na Cathrach agus na Dúiche Máguaird faoi 2020. Cé go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh cruth déimeagrafach an Stáit ina iomláine léirithe i gcruth déimeagrafach foriomlán an Chontae táthar ag súil leis freisin go mbeidh méadú os cionn an meáin ar an daonra san aoisghrúpa 30 go 34 i gCill Chainnigh. Tá súil le méadú suntasach ar an daonra san aoisghrúpa 60 go 74 freisin faoi 2020, rud a bheidh ag teacht mós mór leis an treocht náisiúnta arna mheas.

Comhthéacs Polasaí

Is i gcomhthéacs roinnt pleananna de chuid an údaráis áitiúil agus mar cheangal reachtach faoi alt 78 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 a ullmhaíodh Plean Forbartha na Leabharlainne.
Tá an Plean seo múnlaithe ar roinnt doiciméad polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a n-áirítear:
Branching Out: A New Public Library Service, 1997- 2007
Branching Out: Future Directions, 2008-2012
Plean Forbartha Náisiúnta 2007- 2013
I dTreo 2016: Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta Deich mBliana 2006-2015.
Stronger Local Democracy Options for Change (Páipéar Glas)
eInclusion: Expanding the Information Society in Ireland (Deireadh Fómhair 2003) ISC

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsitheacht Shóisialta 2007-2016
The Arts, Cultural Inclusion and Social Cohesion 2007 (NESF).
Eurobarometer Study on Europeans, Culture and Cultural Values 2007

Tugtar aird iomlán sa Phlean ar mholtaí agus ar chuspóirí atá i roinnt pleananna áitiúla sa chaoi go mbeidh soláthar seirbhíse lán-chomhtháthaithe ar fáil ar fud an Chontae.
Ar na doiciméid sin áirítear:

- Plean Corparáideach Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh 2004-2009
- Straitéis Bhord Forbartha Chontae Chill Chainnigh 2002-2012
- Plean Forbartha Chontae Chill Chainnigh 2008-2014
  Straitéis Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh 2005-2009
- Polasaí Súgartha Chontae Chill Chainnigh 2007-2012 agus
- Dréachtphlean Oidhreachta Chontae Chill Chainnigh

Creat Polasaí

Tugtar aitheantas do Chontae Chill Chainnigh mar chontae a bhfuil bunús láidir aici ó thaobh cultúir agus oidhreachta. Tá dé d'aidhm ag an straitéis seo creat polasaí iomchuí a chur ar fáil a chuirfidh Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh chun cinn agus a thabharfaidh tacaíocht di sa chaoi is go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna a leithéidí rochtain agus rannpháirteachas, bonneagar agus soláthar seirbhíse. Aibhsítear ann freisin an chaoi ar féidir le hÚdaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara iomchuí cuidiú agus tacú le forbairt todhchaíoch na seirbhíse sa tréimhse 2009-2013.
Léirítear sa Phlean seo an chaoi a bhfuil Seirbhís na Leabharlainne faoi láthair agus déantar iniúchadh ann ar conas is fearr í a chur in oiriúint d'athruithe dinimiciúla agus buanmharthanacha atá ag tarlú laistigh den earnáil. Ní féidir pictiúr iomlán a fháil ó na figiúirí a bhaineann le ballraíocht agus cé acu a léiríonn siad go bhfuil méadú nó laghdú ar líon na mball. An cheist is deimhnitheach is ea conas agus cén fáth a mbaintear úsáid as leabharlann faoi láthair. Tá athruithe tagtha ar sheirbhísí leabharlainne poiblí go sonrach le deich mbliana anuas de bharr céimeanna chun tosaigh sa teicneolaíocht agus de bharr athrú ar dhaonra agus athrú déimeagrafach. Is cinnte gur fheabhsaigh Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide sheirbhís na leabharlainne agus gur athraigh sé ó bhun an modh cumarsáide agus an chaoi a fuarthas faisnéise. Ach beidh feidhm chriticiúil agus thraidisiúnta ag leabharlanna i gcónaí mar thaisclanna d'idéanna, d'fhoghlaim agus do chultúr an tsamhaltais.
Is ríthábhachtach go mbeadh líonra leabharlainne poiblí in ann athrú dearfach a dhéanamh i réimse na foghlama. Fuarthas figiúirí fabhracha maidir le húsáid leabharlainne, le leibhéil an léimh, agus le gnóthachtáil oideachais ó staidéar Eorabharaiméadair AE ar Shainluachanna Cultúrtha mhuintir na hEorpa a rinneadh i 2007. Ba é 35% an meán-rannpháirteachas i seirbhís na leabharlainne poiblí sa 27 mballstát agus liostáladh Éire sa 7ú áit le 47%. Ar fud na mballstát bhain 16% acu siúd a d'fhág an scoil ag 15 bliana d'aois nó níos óige úsáid as leabharlanna agus bhain 48% acu siúd a d'fhan sa chóras oideachais go dtí go rabhadar fiche bliain d'aois nó níos sine úsáid as leabharlanna. Tá comhchoibhneas soiléir idir leibhéal léitheoireachta easnamhach agus úsáid leabharlainne a thugann le tuiscint go dteastaíonn idirghabháil go luath ag leibhéal na bunscoile chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais.
Is acmhainn luachmhar don phobal an leabharlann. Cuidíonn sí go mór le dea-bhail eacnamúil, shóisialta chultúrtha agus chomhshaoil an phobail áitiúil.
Is mó is ábhartha i sochaí an lae inniu agus níos mó daoine ná riamh ag féachaint breis oiliúna nó athoiliúna a ghnóthachtáil nó filleadh ar an oideachas an ról traidisiúnta a bhí aici taca a thabhairt do sheirbhísí faisnéise ar ardchaighdeán. Is mór an poitéinseal atá ag seirbhís na leabharlainne spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim ar bhonn leanúnach tríd an bpobal a threorú chun faisnéise, chun eolais agus chun cultúir.

Is é bailiúchán na leabharlainne an phríomhshócmhainn atá aici agus is é is mó a chothaíonn an pobal trína riachtanais siúd maidir le rochtain ar réimse leathan ábhar a riar.

Cuireann an leabharlann bonneagar criticiúil ar fáil mar bhonn taca leis an ngeilleagar eolais trí chúnamh a thabhairt do dhaoine gnóthaí a thionscnamh nó a fheabhsú, trí cúnamh a thabhairt dóibh scileanna teanga a fhorbairt, trí rochtain ar sheirbhísí ar líne a sholáthar dóibh agus trína chur ar a gcumas scileanna ríomhaire a ghnóthachtáil nó a fheabhsú.
Cothaíonn sí mórtas pobail agus sólás comhluadair trí chúnamh a thabhairt do dhaoine na tascanna atá acu a chur i gcrích agus na spriocanna atá acu a bhaint amach, trí fhaisnéis pobail a sholáthar, tríd an gcultúr agus na healaíona áitiúla a thacú agus trí thimpeallacht shábháilte agus chaoithiúil agus mianach saoil feabhsaithe dá réir a chur ar fáil.
Níos mó ná riamh tá fís phraiticiúil, nuálach agus chomhtháthaithe ag teastáil ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil i dtaca le soláthar leabharlainne poiblí. Is é aidhm fhoriomlán an phlean seo bealaí a léiriú ar féidir Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh a fhorbairt chun riachtanais an úsáideora a riar d'fhonn a ábharthacht is atá sí agus a bheidh sí amach anseo a chinntiú a fhad is a dhéanann sí ionadaíocht ar na páirtithe leasmhara uile.

Ráiteas Misin

Tá sé d'aidhm ag Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh seirbhís inrochtana ar ardchaighdeán a chur ar fáil a fheabhsóidh cúrsaí saoil do phobail Chill Chainnigh trí acmhainn eolais a sholáthar agus tríd an samhaltas, an fhoghlaim ar feadh saoil agus an cultúr a chur chun cinn.

Modheolaíocht

Thionscain Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chontae Chill Chainnigh dianphróiseas comhairliúcháin le príomhghrúpaí na bpáirtithe leasmhara uile sular cuireadh an Plean seo i dtoll a chéile.
Is i seimineáir bhainistithe a chuathas i mbun comhairliúcháin:

- le foirne uile na leabharlanna ar fud an Chontae
  leCoiste Polasaí Straitéiseach 5, 'Polasaí Pobail agus Sóisialta, Ealaíona, Cultúr, Oidhreacht, Turasóireacht, Oideachas'
- le Bord Forbartha Chontae Chill Chainnigh.

Comhairliúchán:

- leis an bpobal i gcoitinne via bileoigíní, fógráin agus trí fhógraíocht ar an raidió áitiúil agus sa mheán clóite
- leis na scoileanna uile sa Chontae (is é sin le rá 76 bhunscoil agus 16 lar-bhunscoil); tugadh cuireadh dóibh aighneachtaí a chur chuig Sheirbhís na Leabharlainne
- le neamh-úsáideoirí trí shuirbhé teileafóin a rinne comhairleoir margaíochta seachtrach
- le foireann uile an údaráis áitiúil trí cheistneoir inmheánach a chur i gcúrsaíocht.
- Ina theannta sin tionóladh comhdháil le cúig cinn déag de ghrúpaí fócais agus rinneadh cóimheas ar na torthaí. Bailíodh le chéile grúpaí sainleasa mar atá daoine scothaosta, daoine ón lucht siúil, páistí, máithreacha singile, daoine dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine ón bhFóram Pobail. Ar spriocghrúpaí eile ar tugadh aghaidh orthu bhí foghlaimeoirí fásta, an Oifig Oidhreachta, RAPID, Pobal agus Fiontar, teifigh Súdáinise, an Oifig Ealaíon, Grúpa Rochtana Chill Chainnigh agus déagóirí.
- Rinneadh athbhreithniú freisin ar thorthaí suirbhé náisiúnta ar na brainsí leabharlainne uile ('Plus Survey 2007').

Anailís ar Láidreachtaí, ar Laigí, ar Dheiseanna agus ar Bhagairtí

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin fiafraíodh de bhaill foirne na leabharlainne láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí a bhain le Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh a ainmniú. Tá siadsan cónasctha san anailís SWOT a leanas:

Láidreachtaí:

- Mórthiomantas foirne agus fócas ar an gcustaiméir

Dea-thoil foirne agus dílseacht do chothabháil na seirbhíse (cuirtear foireann ó bhrainse go chéile más gá chun iad a choimeád ar oscailt)

- De thoradh leithroinnt feabhsaithe an chiste leabhair is feasaí atáthar maidir le roghnú stoic ar fud líonra na leabharlainne

Uaireanta oscailte feabhsaithe

Dianfhócas ar Theicneolaíocht Faisnéise

Clár forbartha léitheora láidir

Ballraíocht saor in aisce do pháistí

Acmhainn láidir pobail

Iarracht leantach an chuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn

Seirbhísí for-rochtana leantacha

Barúil maith dinn ag an bpobal

Laigí:

- Dea-thoil foirne agus dílseacht do chothabháil na seirbhíse
- Níl leabharlann saintógtha nua-aimseartha sa chathair

Seirbhís Leabharlainne teoranta i ndeisceart an chontae

Méid áirithe den bhonneagar neamhoiriúnach agus uireasach agus maoiniú neamhdóthanach

Polasaí earcaithe foirne neamhshoiléir

Cuireann uireasa foireann fóirithinte dhílsithe brú breise ar an bhfoireann obair a dhéanamh taobh amuigh den ghnáthsheachtain oibre

Straitéis mhargaíochta spriocdhírithe in easnamh

Táillí ballraíochta agus fíneálacha arda

Deiseanna:

- Cur chuige struchtúrtha maidir le margaíocht na seirbhíse

Suíomh idirlín agus seirbhís ar líne a chur chun cinn

Maoiniú a lorg le haghaidh clár forbartha caipitil d'fhonn seirbhís leabharlainne comhleanúnach ar fud an chontae a chur chun cinn

Athbhreithniú a dhéanamh ar tháillí leabharlainne d'fhonn úsáid sheirbhís na leabharlainne a mhéadú

An tseirbhís leabharlainne shoghluaiste a chur chun cinn d'fhonn rochtain a fheabhsú agus d'fhonn freastal a dhéanamh ar dhaoine ar leithlis faoin tuath

Comhpháirtithe le gníomhaireachtaí agus le grúpaí pobail a chur chun cinn

Nascanna níos láidre le Ranna an Údaráis Áitiúil a chur chun cinn

A dhíriú ar sheirbhísí do shaoránaithe nua

Moltaí a ghlacadh ón bPlean Forbartha agus ó Branching Out: Future Directions, 2008- 2012

Méadú ar an infheistíocht in ábhar ar malairt formáide d'fhonn raon an stoic atá ar fáil do gach úsáideoir a fheabhsú

Bagairtí:

- Barúil an phobail de cad is leabharlann ann agus de cad iad na seirbhísí a bhíonn ar fáil

Sábháilteacht agus slándáil foirne – oibrithe aonair agus uireasa maidir le líon íosta foirne sna brainsí

An baol go n-éireofar fuarchúiseach as siocair an toimhde go leanfaidh an fhoireann den róthiomantas

- Méadú ar chostais chothabhála agus forbartha seirbhísí
- Cosc ar earcú foirne – soláthar seirbhíse a ailíniú le méid na foirne atá ann faoi láthair
- Easpa cláir um fhorbairt chaipitil agus easpa ciste cothabhála atá maoinithe go himleor
- An barúil fós ann go bhfuil leabharlanna seanaimseartha – leagan amach/deasca/fíneálacha
- Táillí ballraíochta agus fíneálacha arda

Srianta ar rochtain ar Chorais Faisnéise - ballaí dóiteáin etc.

De thoradh an phróisis chomhairliúcháin agus athbhreithnithe a rinneadh ar dhoiciméid pholasaí éagsúla tá bunsraith de cheisteanna agus de ghníomhaíochtaí aontaithe tagtha chun cinn. Baineann na gníomhaíochtaí agus na moltaí sin leis na réimsí a leanas:

Rochtain agus Rannpháirteachas

Bonneagar
Teicneolaíocht Faisnéise
Bailiúcháin na Leabharlainne agus Faisnéis
Bainistiú agus Cúrsaí Foirne agus,
Margaíocht agus Bolscaireacht.

“Creidim go bhfuil fáil saor in aisce ar leabhair ar an rud is fearr a tharla riamh ”

Scannáin ina bhfuil gnéithe leabharlanna ar taispeáint:
All the President’s Men (1976) Ghostbusters (1984) Indiana Jones and the Last Crusade (1989) The Shawshank Redemption (1994) The Mummy (1999) National Treasure (2004)

Rochtain agus Rannpháirteachas

Aidhm:

Comhpháirtíochtaí agus líonraí a thógáil ar bhun réamhghníomhach ar fud an phobail d’fhonn freastal a dhéanamh ar an oiread daoine agus is féidir.

Bíonn ról tábhachtach ag leabharlanna aonair i saol an phobail a ndéanann siad freastal air mar fhoinse faisnéise, eolais agus mar acmhainn chultúrtha. Bíonn leabharlanna oscailte do chách agus is féidir leo tacaíochtaí pobalbhunaithe thar bheith luachmhar a sholáthar; i gcásanna áirithe is í an leabharlann an t-aon ionad coinne sa phobal áitiúil. Bíonn fáil i leabharlanna ar oideachas agus ar fhóillíocht agus ar dheiseanna foghlama ar feadh saoil nó le haghaidh forbairt phearsanta.
Déanfar roinnt bearta i dtaca le seirbhísí na leabharlainne chun rochtain a éascú agus chun rannpháirteachas a threisiú arb fhéidir go bhfuil siad teoranta nó srianta faoi láthair de thoradh constaicí airgeadais, fisiciúla nó sóisialta.

Gníomhaíochtaí:

1. Táillí Ballraíochta.
1.1 Tá sé molta táillí ballraíochta a athbhreithniú os rud é go dtugann cinntí taighde a rinneadh ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal Eorpach le tuiscint gur féidir gur thoradh ar ró-airde na táillí ballraíochta an úsáid ró-íseal go háirithe i measc grúpaí gan chosaint.
1.2 Déanfar na costais riaracháin agus ama a bhaineann le láimhseáil táillí ballraíochta a iniúchadh.

2. **Uaireanta Oscailte**

2.1 D'aibhsigh cinntí na gcomhairliúchán ó idir ghrúpaí úsáideoirí agus ghrúpaí neamhúsáideoirí a riachtanaí is a bhí sé na huaireanta oscailte atá anois ann a athbhreithniú féachaint ar féidir teacht ar na brainsí a éascú agus neamh-úsáideoirí a mhealladh isteach agus iarúsáideoirí a mhealladh ar ais go héifeachtach. Déanfar na huaireanta oscailte a iniúchadh i gcomhthéacs riachtanas an phobail ach bheith san airdeall ar acmhainní foirne faoi láthair.

3. **Comhionannas Rochtana**

Tá Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh tiomanta seirbhís nua-aimseartha, ábhartha agus áisiúil a sholáthar do shaoránaigh uile Chill Chainnigh is cuma cén áit a bhfuil siad ina gcónaí.

3.1 Beidh Seirbhís na Leabharlainne ag féachaint an mbeadh bealach ann chun láithreacht na leabharlainne i nDeisceart Chill Chainnigh a chinntiú go dtí gurbh fhéidir láthair bhuan a bhunú. Mar chuid den tionscnamh sin beifear ag féachaint an féidir úsáid a bhaint as ceapa pobail atá anois ann a leithéidí hallaí pobail, áitribh mhiondíola agus oifigí poist chun seirbhís leabharlainne a sholáthar san áit nárbh fhéidir de bharr easnamh bonneagar brainse seirbhís ar bith a chur ar fáil go dtí seo.

3.2 Ina theannta sin déanfar athbhreithniú ar an tseirbhís leabharlainne shoghluaiste d'fhonn a chinntiú go mbeidh na bealaí/amanna reatha ábhartha maidir le riachtanais an phobail.

4. **Rochtain Feabhsaithe**

4.1 Tugann cinntí comhairliúcháin go háirithe iadsan ón suirbhé ar neamhúsáideoirí le tuiscint gur chóir bhreathnú ar roinnt roghanna seirbhíse nua chun seirbhísí níos luathaithí agus níos éifeachtaí a mbeadh fáil níos éasca orthu a sholáthar. D'fhéadfadh úsáid seirbhíse ar líne nó seirbhís teileafóin, córas réamhordaithe via an t-aonad soghluaiste agus seirbhís do léitheoirí atá gafa sa teach i dtithe altranais agus do spriocghrúpaí eile cur leis na seirbhísí breisluacha seo. Déanfar iniúchadh freisin ar úsáid chóras féineisiúint a shaineodh ionaid bhailithe/fhágála.

5. **Comhpháirtíocht**

5.1 Tá sé molta go méadófaí agus go bhfeabhsófaí an leibhéal teagmhála idir brainsí agus eagraíochtaí áitiúla/grúpaí pobail.

5.2 Feabhsófar nascanna cumarsáide idir seirbhís na leabharlainne agus an Roinn Pobail agus Fiontair, Roinn na nEalaíon agus an Oifig Odhreachta d'fhonn a chinntiú go mbeidh cur chuige níos comhordaithe ann chun riachtanas an phobail a riar.

Gníomhaíochtaí:
2009
2010
2011
2012
2013

1. Táillí Ballraíochta
2. Uaireanta Oscailte
3. Comhionannas Rochtana
5. Comhpháirtíocht
4. Rochtain Feabhsaithe

1.1Muirir athbhreithnithe
1.2 Athbhreithniú ar impleachtaí riaracháin
2.2 Athbhreithniú ar Uaireanta Oscailte
3.1 Láithreacht leabharlainne i nDeisceart Chill Chainnigh
3.2 Athbhreithniú ar amchlár don aonad soghluaiste
4.1 Roghanna maidir le seirbhís nua
5.1 Caidreamh áitiúil feabhsaithe
5.2 Nascanna roinne a fheabhsú

•

Bonneagar

Aidhm:

Le linn dúinn aitheantas a thabhairt do choinníollacha eacnamúla reatha beimid ag iarraidh an clár forbartha caipitil a shaothrú más féidir agus forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar na foirgnimh agus ar na feithiclí atá ann d'fhonn caighdeáin agus reachtaíocht láithreach a shásamh.

Beidh Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh ag féachaint chuige go ndéanfar obair chothabhála ar an mbonneagar leabharlainne atá anois ann agus go bhfeabhsófar é d'fhonn géilliúntas i leith reachtaíochta a chinntiú agus ag an tráth céanna beifear ag obair laistigh de na paraméadair atá ann maidir le forbairt chaipitil agus buiséid chothabhála.

Gníomhaíochtaí:

1. **An Clár Forbartha Pobail**

1.1 Tá tosaíochtaí maidir le Forbairt Chaipitil do na Seirbhísí Leabharlainne ainmnithe agus seo iad: • Leabharlann agus ceanncheathrú lárnach a bhunú do chathair Chill Chainnigh mar atá sonraithe i bPlean Corparáideach Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh.

Buan-leabharlann a sholáthar i nDeisceart Chontae Chill Chainnigh mar atá luaite sa chlár caipitil. • Leabharlann Bhaile Mhic Andáin agus leabharlann Challainn a athlonnú go dtí áitribh níos oiriúnaí.

• Áitreabh oiriúnach dílsithe a aimsiú agus a sholáthar agus é a chur chun cinn mar áis stórála don chontae. Veain nua a chur in áit veain na leabharlainne soghluaiste. Liostálfaidh Seirbhís na Leabharlainne gach cainéal maoinithe cuí (a leithéidí tobhaigh forbartha, deontais roinne agus tacaíochtaí údaráis áitiúil) d'fhonn an clár a chur chun cinn.

2. **Bonneagar Láithreach**

2.1 A chinntiú go bhfuil an clár cothabhála agus feabhais bliantúil ábhartha agus maoiniú dóthanach leis chun caighdeáin an líonra brainse atá anois ann a chumhdach.

3. **Géilliúntas i leith Ceangal Reachtúil**

3.1 Cinnteoidh Seirbhís na Leabharlainne go mbeidh na hionaid seirbhíse géilliúil do chinntí an iniúchta rochtana a rinneadh le gairid agus go mbeidh siad ag comhlíonadh na reachtaíochta reatha i ngach réimse a bhaineann le míchumas, le sláinte agus le sábháilteacht.

4. **Comhairliúchán faoi Thionsadail Thodhchaíocha**

4.1 I dtionscadail thodhchaíocha a mbeifear ag gabháil dóibh féachfar go cuí do shrianta buiséadacha agus rachfar i gcomhairle go huile leis na páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe oiriúnacha.

Gníomhaíochtaí:
2009
2010
2011
2012
2013

1. An Clár Forbartha Caipitil
2. Bonneagar Láithreach
3. Géilliúntas Reachtúil
4. Comhairliúchán faoi Thionsadail Thodhchaíocha

1.1 Ceanncheathrú Leabharlainne/Brainse nua i nDeisceart an Chontae etc.
2.1 Clár cothabhála bliantúil

3.1 Bheith géilliúil d'iniúchadh agus an reachtaíocht reatha a chomhlíonadh
4.1 Comhairliúchán le páirtithe leasmhara/comhpáirtithe

Teicneolaíocht Faisnéise

Aidhm:

Uirlis a dhéanamh de Theicneolaíocht Faisnéise chun seirbhísí leabharlainne a fheabhsú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua nuair is féidir agus nuair is cuí.

Maidir le soláthar sheirbhís reatha theicneolaíocht na faisnéise i líonra na Leabharlainne tá ról criticiúil le himirt aige ach meastar go mbeidh méadú ar an éileamh ar áiseanna, go háirithe nuair a fheabhsófar an leibhéal feasachta ar fud na spriocghrúpaí. Is éard an dúshlán a bheidh ann conas acmhainní Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a bhainistiú chun tacaíocht éifeachtach do ghníomhaíochtaí foghlama a chinntiú, chun deiseanna a sholáthar dóibhsean atá eisiata go sóisialta agus chun páirtíocht le seirbhísí poiblí a chumasú trí úsáid rialtais leictreonaigh.

Gníomhaíochtaí:

1. An tSeirbhís Idirlín Phoiblí Reatha a Leathnú

1.1 A chinntiú go mbeidh foirgnimh leabharlainne cumasaithe do WiFi.
1.2 Ranganna a sholáthar chun scileanna cuardaithe a mhúnadh. Deimhníonn idir chinntí comhairliúcháin agus phátrúin reatha úsáideora gur sainriachtanas atá ansin.
1.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar an bprótacal slándála agus rochtana atá ann toisc go bhfuil sé sriantach faoi láthair agus toisc go bhfuil sé ina chosc ar ghrúpaí áirithe úsáideora.

Plean Forbartha na Leabharlainne 2009- 2013 – 25

2. **Láithreacht Lántiomnaithe ar an nGréasán**

2.1 Maidir le leathanaigh gréasáin ar shuíomh idirlín na nÚdarás Áitiúla ní bhaintear an oiread úsáide agus is féidir as láthair na leabharlainne. Ní raibh a bhformhór mór de na grúpaí ná de na ndaoine aonair a ndeachthas i gcomhairle leo feasach faoi láithreacht Seirbhís na Leabharlainne ar an idirlín ná faoi na seirbhísí a bhí á dtairgeadh ar líne faoi láthair.
Beidh Seirbhís na Leabharlainne ag díriú ar an gcaoi ar féidir tuilleadh feabhais a chur ar an suíomh idirlín atá anois ann agus ar an gcaoi ar féidir úsáid a bhaint as mar uirlis margaíochta. Forbrófar na seirbhísí ar líne atá anois ann go dtiocfaidh siad le seirbhísí leabharlainne fíorúla agus féadfaidh sé go mbeidh forbairtí todhchaíocha a leithéidí r-nuachtlitir, r-phost agus foláirimh SMS/seirbhísí faisnéise ina ndlúthchodanna díobh.

3. **Teicneolaíocht Nua**

3.1 Cé go bhfuil go leor déanta chun leas a bhaint as an teicneolaíocht laistigh de líonra na leabharlainne is gá taighde a dhéanamh i gcónaí maidir le cén chaoi ar féidir leabharchruth agus feabhas a chur ar an soláthar seirbhíse atá anois ann trí áis a bhaint as na teicneolaíochtaí nua. Ar na réimsí a ndéanfar iniúchadh orthu tá digitiú, teicneolaíocht féinsheirbhíse, spotaí te WiFi agus soláthar r-leabhar.

Gníomhaíochtaí:
2009
2010
2011
2012
2013
1. Leathnú na seirbhíse idirlín poiblí reatha

2. Láithreacht Lántiomnaithe Ghréasáin
3. Teicneolaíocht Nua

1.1 Uasghrádú WiFi
1.2 Ranganna Oiliúna
1.3 Prótacal slándála/rochtana a athbhreithniú
2.1 Suíomh idirlín a fheabhsú
3.1 Leas a bhaint as digitiú, as féinseirbhís, as spotaí te WiFi agus as r-leabhair

Bailiúcháin na Leabharlainne agus Faisnéis

Aidhm:

Seirbhísí faisnéise agus bailiúcháin leabharlainne a shuiteáil go straitéiseach le gur fearr a riarfaidh siad riachtanais phobail agus daoine aonair.

Is ar mhodh suibiachtúil amach is amach a dhéanann gach úsáideoir a mheastachán féin ar raon agus ar chaighdeán leabhar agus meán leictreonach; tá sin ar na dúshláin phríomha nach mór don tSeirbhís aghaidh a thabhairt air. Is léir go bhfuil sé thar bheith inmhianaithe go méadófaí an stoc chun riachtanais níos éagsúla a riar agus chun an raon ábhair is leithne a thairgeadh.

Gníomhaíochtaí:

1. Ciste Leabhair Per Capita
1.1 Déanfaidh Seirbhís na Leabharlainne a dícheall chun a chinntiú go mbainfear amach an sprioc de 3.77% maidir leis an gciste leabhair per capita de réir na moltaí i ‘Branching Out: Future Directions’, 2008-2012'.

2. **Polasaí Stoic**
2.1 Cuirfear polasaí maidir le bailiúchán stoic chun cinn d’fhonn éagsúlacht agus riachtanas pobail a riar. Déanfar athbhreithniú freisin ar nósanna imeachta ceannacháin d’fhonn uas-éifeachtacht a chinntiú.

3. **Seirbhís Staire Logánta/Ginealais**
3.1/3.2 Ábharthacht na Seirbhíse Staire Logánta agus Ginealais a mhéadú trí thionscnaimh nuálacha for-rochtana nó ar líne. Tuigeann formhór na neamhúsáideoirí go soláthraíonn líonra na leabharlainne poiblí seirbhís faisnéise agus staire logánta agus in go leor cásanna féadfaidh sé gurb í an t-aon seirbhís a mbaineann roinnt earnálacha den daonra áis aisti.

Gníomhaíochtaí:
2009
2010
2011
2012
2013
1. Ciste Leabhair Per Capita
2. Polasaí Stoic
3. Seirbhísí Speisialtóra
1.1 An sprioc 3.77% den chiste a bhaint amach
2.1 Prótacal um éagsúlacht agus ceannach

3.1 Seirbhís ar Líne
3.2 Clár For-rochtana

Bainistiú agus Cúrsaí Foirne

Aidhm:

Meicníocht a fhorbairt a chinnteoidh go dtacófar le hacmhainní foirne agus go mbainfear úsáid astu chun an tseirbhís is éifeachtúla a sholáthar.

Tá Seirbhís na Leabharlainne tiomanta d'infheistiúchán i bhforbairt foirne agus i múnlaí soláthar seirbhíse nua d'fhonn leibhéal na cuimsitheachta sóisialta agus an rannpháirteachais shóisialta a mhéadú.

Gníomhaíochtaí:

1. **Athbhreithniú ar Chúrsaí Foirne**

1.1 Déanfaidh Seirbhís Leabharlainne Chathair agus Chontae Chill Chainnigh athbhreithniú ar struchtúir, ar róil agus ar freagrachtaí foirne mar atá siad faoi láthair chun teacht leis na ceangail seirbhíse a dtugtar tosaíocht dóibh sa phlean seo.

2. **Cainéil Chumarsáide a Fheabhsú**

2.1 Cruthóidh an tSeirbhís Leabharlainne cainéil fheabhsaithe chumarsáide inmheánaí i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann ar mhaithe leis an trédhearcacht agus leis an aiseolas.

2.2 Aontófar faoi nascanna níos foirmeálta idir ranna ábhartha na nÚdarás Áitiúil a leithéidí Roinn na nAcmhainní Daonna agus an Roinn Pobail agus Fiontair agus cuirfear chun cinn iad.

3. **Oiliúint Foirne**

3.1 Tabharfar aghaidh ar riachtanais oiliúna tríd an gCóras Forbartha agus Bainistiú Feidhmíochta.
Plean Forbartha na Leabharlainne 2009- 2013 - 29

4. **Slándáil Foirne**

Ainmneofar saincheisteanna slándáil foirne agus tabharfar aghaidh orthu i gcomhréir le ceangail reachtacha.

4.1 Oibrithe aonair

Dréachtófar doiciméad polasaí d'oibrithe aonair agus glacfar é ar fud an líonra bhrainse.

4.2 **Cuóta Foirne**

Déanfar mion-choigeartú más cuí ar phrótacail um shláinte agus shábháilteacht d'oibrithe agus ar chomhaontú maidir le leibhéal íosta earcaithe foirne i ndáil le huaireanta oscailte fadaithe nó deiridh seachtaine.

4.3 **Cosaint Leanaí**

Cuirfidh Seirbhís na Leabharlainne polasaí cosanta leanaí aontaithe i bhfeidhm.

5. **Forbairt Ghairmiúil**

5.1 Tabharfaidh an tSeirbhís tacaíocht don fhoireann ar bhonn leanúnach chun cáilíocht ghairmiúil sa Leabharlannaíochta a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí:
2009
2010
2011
2012
2013
1. Athbhreithniú ar Chúrsaí Foirne
2. Cainéil Chumarsáide a Fheabhsú
2.2 Cumarsáid le Ranna an Údaráis Áitiúil

3. Oiliúint Foirne
4. Slándáil Foirne
5. Forbairt Ghairmiúil
1.1 Athbhreithniú ar struchtúir, ar rólanna agus ar fhreagrachtaí
2.1 Cumarsáid inmheánach
3.1 Córais PMDS
4.1 Polasaí um Oibrithe Aonair
4.2 Cuóta Foirne
4.3 Polasaí um Chosaint Leanaí
5.1 Tacaíocht chun Cáilíochta Gairmiúla

Margaíocht agus Bolscaireacht.

Aidhm:

Straitéis margaíochta réamhghníomhaí a fhorbairt agus clár bolscaireachta níos comhordaithe a chur ar fáil.

Dearfar feachtas margaíochta straitéiseach struchtúrtha chun staid Seirbhís na Leabharlainne mar atá sí a chomhdhlúthú agus chun ábharthacht na Seirbhíse a mhéadú i measc ghrúpaí uile na n-úsáideoirí agus na n-úsáideoirí ionchasacha. Comhuaineach leis an bhfeachtas sin beifear i mbun taighde i réimsí a leithéidí IT agus foghlaim ar feadh saoil; neartófar dá réir cumas na Seirbhíse teacht roimh athruithe a rachaidh i gcion ar an earnáil.
Dheimhnigh cinntí comhairliúcháin a laghad feasachta a bhí ag gach grúpa úsáideora laistigh den Chontae ar ról, ar shainchúram agus ar chumas Seirbhís na Leabharlainne. Bhí formhór mór na neamhúsáideoirí agus na n-úsáideoirí a raibh a mballraíocht ligthe i léig acu aineolach ar raon agus ar raon feidhme na seirbhísí neamhthraidisiúnta atá ann faoi láthair. Dúirt roinnt mhaith de na freagróirí go mbainfeadh siad úsáid as Seirbhís na Leabharlainne dá dtugtaí foláireamh dóibh maidir le raon na seirbhísí a bhíothas a thairgeadh agus maidir le féilire na n-imeachtaí a bhí réamhshocraithe don bhliain.

Gníomhaíochtaí:

1. Foirmliú Straitéis Margaíochta
1.1 Straitéis margaíochta a dhearfaí agus a thiomáinfí go hinmheánach is ea a theastaíonn ó Sheirbhís na Leabharlainne chun a hiomrá a leathnú agus chun a hábharthacht a threisiú laistigh den phobal áitiúil.

2. **Tionscnaimh Forbartha**
2.1 Moltar iniúchadh a dhéanamh ar gach tionscnamh forbartha amach anseo chun cur chuige comhtháite agus comhordaithe a bhunú ar fud Sheirbhís na Leabharlainne. Socrófar tionscnaimh léitheora a chuimseoidh údar leabhair ar cuairt, clubanna leabhair agus seisiúin scéalaíochta agus cuirfear ar siúl iad go comhuaineach le himeachtaí náisiúnta (Lá Domhanda na Leabhar agus Seachtain Náisiúnta na hEolaíochta); cinnteofar réamhphoiblíocht trí na meáin áitiúla agus beifear ag díriú ar gach foinse maoinithe atá ann.
Taiscéalfar agus cuirfear chun cinn comhroinnt acmhainní i bhfoirm ghníomhaíochtaí réigiúnacha comhoibritheacha, go háirithe i gcomhar le soláthraithe seirbhíse leabharlainne i gcontaetha lámh linn. Dá mhéid na deiseanna comhpháirtíochta le grúpaí atá bunaithe sa roinn oidhreachta, ealaíon agus pobail is ea is mó a neartófar soláthar Sheirbhís na Leabharlainne de sheirbhísí nua breisluacha agus tig leo bheith fóinteach chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir le forbairt agus cuimsitheacht shóisialta sa chontae.

3. Táscairí Áitiúla

3.1 Cuirfear táscairí áitiúla chun cinn agus déanfar athbhreithniú orthu d'fhonn meicníocht a sholáthar a léireoidh an úsáid iarbhír a bhaintear as seirbhís na leabharlainne.

Gníomhaíochtaí:
2009
2010
2011
2012
2013

1. Foirmliú Straitéis Margaíochta
2. Tionscnaimh Forbartha
3. Táscairí Áitiúla
1.1 Straitéis a dhearadh, a aontú, a sholáthar
2.1 Clár imeachta comhordaithe feabhsaithe
3.1 Táscairí a dhearadh chun an úsáid a bhaintear as an leabharlann a léiriú

Monatóireacht agus Athbhreithniú

Aidhm:

A chinntiú go gcuirfear gníomhaíochtaí i gcrích agus gur féidir torthaí a chainníochtú agus a fhíorú.

Déanfaidh idir an tSeirbhís féin agus CPS 5 (Coiste um Polasaí Straitéiseach 5) athbhreithniú ar an bplean seo ar bhonn bliantúil d'fhonn a chinntiú go mbeifear aontaithe faoi aon leasuithe ar ghníomhaíochtaí socraithe agus go gcuirfear an straitéis i bhfeidhm go hiomlán.
Múnlófar ábhar Pleananna Oibríochtúla Bliantúla Sheirbhís na Leabharlainne i gcomhréir leis an bPlean Forbartha freisin.

32 - Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh

Gníomhaíochtaí:
2009
2010
2011
2012
2013
1. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha

Conchlúid

Tráth ar féidir teacht ar fhaisnéis i mórán áit ar bith ní foláir nó go mbeidh raison d'être leabharlainne poiblí ag brath ar an bhfíric go mbeidh teacht go héasca ag gach grúpa ar an uile chineál faisnéise idir thraidisiúnta agus leictreonach i siopa ilfhreastail cibé uair a oireann dóibh. Tig leis an leabharlann phoiblí an tseirbhís sin a chur ar fáil agus ag an am céanna timpeallacht inrochtana agus chuimsitheach ón taobh sóisialta de a sholáthar ina dtugtar aitheantas ar bhonn gníomhach do luach leabhar agus meán eile as an gcumas atá acu eolas, cruthaíocht agus samhaltas a chothú.
Gnóthóidh úsáideoirí luach breise as Seirbhís na Leabharlainne nuair a bhainisteofar agus nuair a chaomhnófar faisnéis go héifeachtúil agus go mbeidh tarraingt ar an stoc ag an úsáideoir is éagsúla amuigh. Ina theannta sin is mór a chuideoidh oiliúint foirne i réimse bailithe agus fála na faisnéise chun eachtra an leabharlannaí/úsáideora a fheabhsú.

Is údar sásaimh do Seirbhís na Leabharlainne Chill Chainnigh go bhfuil sí anois níos ailínithe ná mar a bhí sí riamh sa stair le cláir oideachais agus chultúrtha agus le cláir eolasbhbunaithe ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil. Ach is feasach di freisin go bhfuil sé de fhreagracht uirthi dá réir féachaint chuige gurbh fhearr agus gur nuálaí a bheidh an soláthar seirbhíse sa chaoi is gur seirbhísí ábhartha, tráthúla agus áisiúla a chuirfear ar fáil agus beidh méadú ar an rochtain agus ar dheiseanna rannpháirtíocht dá mbarr.
Tuigeann Seirbhís na Leabharlainne freisin a fhiúntaí is atá sé dul i mbun comhoibrithe go straitéiseach le seirbhísí leabharlainne i gcontaetha lámh linn agus le ranna eile an údaráis áitiúil a leithéidí an roinn ealaíon agus oidhreachta agus le grúpaí pobail agus sainleasa. Ní foláir nó go bhfónfaidh neart agus feilteacht nascanna dá leithéid chun staid Sheirbhís na Leabharlainne mar acmhainn luachmhar cultúrtha agus pobail a chomhtháthú.
Tá súil leis go dtabharfaidh an Plean Forbartha seo aghaidh ar mhodh praiticiúil ar roinnt saincheisteanna atá ag teacht chun cinn sa tseirbhís tráth a bhfuil bonneagar, seirbhís agus cúrsaí foirne agus maoinithe go mór faoi bhagairt.

Aguisín 1

Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh

Ceistneoir Suirbhé

Ainm an Fhreagróra:
Seoladh1:
Seoladh2:
Baile:
Fón:
Déan taifead ar ghnéas an fhreagóra:

Fear
Bean

Réamhrá

Dia dhuit, _____ is ainm dom agus tá mé ag glaoch ó XXXXXX, cuideachta taighde atá bunaithe i XXXXXXXX. Táimid ag déanamh taighde ar son Seirbhís na Leabharlainne Poiblí atá bainistithe ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus ba mhaith liom cúpla ceist a chur ort. Is spéis linn go háirithe dul i mbun cainte le daoine NACH mbaineann úsáid as an leabharlann [sainítear neamhúsáideoir mar dhuine nach raibh i leabharlann le bliain anuas].
An úsáideoir na leabharlainne tú? [Más Ní hea an freagra] An bhfuil cúpla nóiméad le spáráil agat anois? [Más Níl an freagra] Arbh fhearr a d'fheilfeadh am éigin eile chun cainte leat?
Ní theastóidh ach cúpla nóiméad chun na ceisteanna a fhreagairt agus beidh na freagraí uile faoi rún.

Ceisteanna

C1. Cá fhad ón áit a bhfuil tú i do chónaí atá an leabharlann poiblí suite?

C2. Ainmnigh na seirbhísí a chuireann seirbhís na leabharlainne poiblí ar fáil? Marcáil ar an liost thíos….

C3. Léifidh mé liosta anois de na seirbhísí a chuireann an tseirbhís leabharlainne i gCill Chainnigh ar fáil. Abair le do thoil i ndiaidh gach ceann,
ar an gcéad ásc an raibh tú feasach faoin tseirbhís agus ar an dara ásc ar bhain tú riamh úsáid as an tseirbhís.

Seirbhís
Feasach gan Leid
Feasach i ndiaidh Leide

Úsáid bainte aisti ag Freagróir

Iasachtaí leabhar agus irisí
Teacht ar an Idirlín
Iasachtaí earraí ilmheán msh. CD, DVDanna
Gníomhaíochtaí páiste, m.sh. scéalaíocht agus clubanna leabhair
Leabhair ilchultúrtha agus téipeanna
Seirbhísí staidéir logánta
Taispeántais agus imeachtaí cultúrtha
Seirbhísí eile (sonraigh)

C4. Cé acu is fearr de na habairtí a leanas mar chur síos ar an úsáid a bhaineann tú as seirbhís na leabharlainne i gCo. Chill Chainnigh?
Tá sé breis is dhá mhí dhéag ó bhain mé úsáid as seirbhís na leabharlainne
Tá sé breis agus cúig bliana ó bhain mé úsáid as aon seirbhís leabharlainne
Níor thug mé cuairt riamh ar leabharlann i gCill Chainnigh
Bainim úsáid as seirbhís leabharlainne eile (m.sh. Port Láirge mú contae eile lámh linn)

C5. Cad é an chúis is mó nach úsáideoir sheirbhís na leabharlainne poiblí i gCill Chainnigh tú? [Ná tabhair leid – cód thíos]

Is beag is feasach mé faoi na seirbhísí a chuireann seirbhís na leabharlainne ar fáil
Ní léim mórán leabhar agus measaim dá réir nach bhfuil seirbhís na leabharlainne ábhartha dom
Léim leabhair ach is fearr liom iad a cheannach ná iad a fháil ar iasacht
Téann sé rite orm dul chomh fada leis an leabharlann áitiúil
Ní oireann na huaireanta oscailte dom
Tá na táillí ballraíochta ró-ard
Tá seirbhís na leabharlainne dulta i léig agus seanaimseartha
Cúis eile (sonraigh)

C6. Arbh fhéidir leis an leabharlann rud ar bith a dhéanamh a mheallfadh tú chun úsáid a bhaint as na seirbhísí? [Ná tabhair leid – cód thíos]
Uaireanta oscailte níos faide a thairgeadh
Táillí ballraíochta a laghdú
Go stopfadh an leabharlann shoghluaiste níos gairide do d'áit cónaithe
Leabhair/Ábhair a sheachadadh ar dhaoine
Teacht níos éasca ar Fhaisnéis an Údaráis Áitiúil
Cúis eile (sonraigh)

C7. Dá mbeadh an tseirbhís leabharlainne in ionad siopadóireachta nó gar dó…
An rídhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An dóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An rí-neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?

C8. Dá mba rud é ago raibh seirbhís leabharlainne bunaithe i do cheantar áitiúil, mar shampla i siopa nó i bhfoirgneamh pobail….
An rídhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An dóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An rí-neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?

C9. Cé acu de na seirbhísí leabharlainne a luamar thuas is mó a bheadh tarraingteach duit dá mbeadh siad ar fáil go háitiúil? [Léigh liosta]
Seirbhís is údar spéise do Fhreagróir
Iasachtaí leabhar agus irisí
Iasachtaí earraí ilmheán msh. CD, DVDanna
Teacht ar an Idirlín
Gníomhaíochtaí páiste, m.sh. scéalaíocht agus clubanna leabhair
Leabhair agus téipeanna ilchultúrtha Leabharlann shoghluaiste
Leabharlann scoile
Seirbhísí staidéir logánta
Faisnéis Pobail
Taispeántais agus imeachtaí cultúrtha
Seirbhísí eile (sonraigh)

Leabharlann Shoghluaiste/Ceantair Tuaithe

C10. An feasach duit an dtagann seirbhís na leabharlainne soghluaiste go dtí d'áit cónaithe? Ní feasach/Is feasach

C11. Cá fhad ón áit a bhfuil tú i do chónaí atá an leabharlann poiblí suite?

C12. Dá dtagadh an leabharlann níos gaire don áit a bhfuil tú i do chónaí …
An dóichí i bhfad go mbainfeá úsáid aisti?
An dóichí go mbainfeá úsáid aisti?
Ní mó ná gur dóigh go mbainfeá úsáid aisti?Seirbhís Faisnéise

38 - Seirbhís Leabharlainne Údaráis Áitiúla Chathair agus Chontae Chill Chainnigh

C13. Ar mhiste leat a rá liom cén fhoinse a mbainfeá úsáid aisti chun na cineálacha faisnéise a leanas a cheadú?
Cé acu atá nó nach bhfuil d'ainm ar an liosta toghthóirí is deireanaí?
Dá mbeadh faisnéis uait maidir le stair d'ionad logánta?
Dá mbeifeá i mbun taighde maidir le riocht sláinte/le breoiteacht?
Dá mbeifeá ag féachaint cé na roghanna gairme a bhí ann?
Clár Foinse
Stair Logánta
Riocht Sláinte
Gairmeacha

Leabharlann
Polaiteoir/comhairleoir
Biúró Comhairle Saoránach
Duine gaolta a cheistniú
Cara/comharsa a cheistniú
Idirlín
Údarás Áitiúil
Eile

C14. Dá mbeifeá ag lorg an cineál faisnéise atá sna samplaí thuas cé acu de na modhanna a leanas ba dhóichí go mbainfeá úsáid as?
Foinse dhealraitheach a aimsiú agus cuairt a thabhairt chun ceist a chur ar dhuine
Glaoch teileafóin a chur chuig foinse ag lorg faisnéise
Ríomhphost a chur chuig foinse ag lorg faisnéise

Úsáid a bhaint as an idirlín

C15. Dá mba rud é go gcuirfeadh seirbhís na leabharlainne poiblí seirbhís chuimsitheach faisnéise ar fáil a bhí ábhartha do thomhaltóirí agus arbh fhéidir teacht uirthi ar an teileafón…
An rídhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An dóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An rí-neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?

C16. Dá mbeadh fáil ar an tseirbhís le ríomhphost…
An rídhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An dóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?
An rí-neamhdhóigh go mbainfeá úsáid aisti?

Déimeagrafaic

C17. An bhfuil teacht agat ar an idirlín? Tá/Níl

C18. An bhfuil teacht agat ar bhanda leathan?
Tá/Níl

C19. Cén nuachtán laethúil nó domhanda a léann tú de ghnáth? [Ná tabhair leid]
Irish Times
Irish Examiner
Irish Mirror
Sunday Independent Ireland on Sunday
Independent on Sunday Nuachtán eile (sonraigh)
Irish Independent
The Irish Sun
The Star
Sunday Tribune
Sunday Times
Sunday World

C20. Agus ar deireadh thiar cé acu de na catagóirí a leanas a mbaineann tú leis?
15-24 25-34 35-49 50-64 65+
Gabh buíochas leis an bhfreagróir agus cuir deireadh leis an agallamh.

“Bhreathnóinn ar an tseirbhís mar acmhainn thar bheith luachmhar nach bhfuil aon seirbhís phoiblí eile ar comhréim léi”